# *Ceisteanna Coitianta maidir leis an tSonraíocht um Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI)*

## 1. Céard is Oideachas Sóisialta agus Imshaoil ann?

Tá Oideachas Sóisialta agus Imshaoil nó OSI, ar cheann de chúig réimse curaclaim i gCuraclam na Bunscoile athfhorbartha do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta. Fiosraítear ann téamaí sóisialta, timpeallachta, cultúrtha, reiligiúnacha agus polaitiúla tríd an stair agus an tíreolaíocht. Cabhraíonn sé le páistí tuiscint a fháil ar an dúlra agus ar eispéiris dhifriúla dhaonna, san am atá caite agus faoi láthair, fad is a chuirtear i dtábhacht na naisc idir daoine agus an dúlra.

Breathnaítear san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil ar shaincheisteanna pearsanta, Éireannacha, Eorpacha agus domhanda – san am atá caite, faoi láthair agus amach anseo. Cabhraíonn sé le páistí tuiscint a fháil ar imeachtaí agus dúshláin áitiúla, náisiúnta agus domhanda, agus tacaíonn sé leo bheith ina saoránaigh gníomhacha, eolacha, agus freagracha a aithníonn luach an domhain mórthimpeall orthu agus a thugann aire dó.

Spreagann Oideachas Sóisialta agus Imshaoil leanaí chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a gcuireann córais agus imeachtaí cruth ar a ndomhan freisin, chun a ról a aithint maidir le haire a thabhairt don phláinéad agus chun páirt a ghlacadh sa tsochaí ar bhealach cóir, cineálta agus inbhuanaithe.

## 2. Céard atá difriúil maidir leis an Oideachas Sóisialta agus Imshaoil sa churaclam athfhorbartha i gcomparáid leis an gcuraclam Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta in 1999?


Ar a gcéad dul síos, ó 1999, grúpáladh tíreolaíocht, stair agus eolaíocht le chéile faoin réimse curaclaim ar a dtugtar Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE). Tá sé sin ag athrú. Tá an Eolaíocht anois mar chuid den Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM). Fanann Stair agus Tíreolaíocht le chéile ach tá siad i réimse nua ar a dtugtar Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, ina n-áirítear freisin an fhoghlaim faoi reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha.

Ar an dara dul síos, tá téamaí foghlama domhanda (féach an ghrafaic thíos) mar chreat ar fhoghlaim agus teagasc laistigh den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil anois. Áirítear orthu sin cearta daonna, an daonlathas, an cothromas, an ceartas sóisialta, agus an fhorbairt inbhuanaithe. Tacaíonn na téamaí uileghabhálacha sin le cur chuige comhtháite agus léiríonn siad na 'smaointe móra' atá mar bhunús leis an réimse curaclaim seo.

Ar an tríú dul síos, beidh foghlaim na bpáistí difriúil de réir na céime nó an ranga ina bhfuil siad. I gCéimeanna 1 agus 2 (Naíonáin Shóisearacha – Rang a Dó) beidh an fhoghlaim comhtháite go hiomlán gan aon idirdhealú idir stair agus tíreolaíocht. I gCéimeanna 3 agus 4 (Rang a Trí – Rang a Sé), beidh an fhoghlaim níos ábharbhunaithe, le hidirdhealú idir stair agus tíreolaíocht.

Ar an gceathrú dul síos, níl aon topaicí faoi leith forordaithe sa tsonraíocht don Oideachas Sóisialta agus Imshaoil le teagasc i dtreo na dTorthaí Foghlama ag gach céim nó leibhéal ranga. Leagtar béim san athrú seo ar an tábhacht a bhaineann le coincheapa agus scileanna den obair mar staraí agus tíreolaí a fhorbairt. Ina ionad sin, beidh saoirse ag scoileanna cinneadh a dhéanamh, ar leibhéal áitiúil, maidir le topaicí is fearr a léiríonn riachtanais, spéiseanna, cumais agus fiosrachtaí a

bpáistí agus a gcomhthéacs áitiúil. Is é is aidhm leis páistí a chumasú le hoibriú mar staraithe agus tíreolaithe. Tacófar le roghnú agus pleanáil topaicí trí phleanáil curaclaim uile-scoile agus ábhair thacaíochta sonracha arna bhforbairt do mhúinteoirí.




Fíor 1: Téamaí foghlama domhanda (p. 42)

## 3. Cé mhéad ama a leithdháiltear don Oideachas Ealaíon?

Seo an t-am íosta a mholtar don Oideachas Sóisialta agus Imshaoil mar a thugtar i gCreatchuraclam na Bunscoile (2023):


| | |
|---|---|
| Céim 1 (Naíonáin shóisearacha – Naíonáin shinsearacha) | 6 n-uaire an chloig sa mhí |
| Céim 2 (Rang a hAon – Rang a Dó) | 9 n-uaire an chloig sa mhí |
| Céim 3 agus 4 (Rang a Trí – Rang a Sé) | 8 n-uaire an chloig sa mhí |

Mar aon leis na leithdháiltí bunúsacha ama seo a mholtar, is féidir le scoileanna leas a bhaint as am solúbtha chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt don Oideachas Sóisialta agus Imshaoil – suas le 5 uaire an chloig in aghaidh na míosa ag Céim 1, 6 huaire an chloig i gCéim 2, agus suas le 7 n-uaire an chloig in aghaidh na míosa ag Céimeanna 3 agus 4.

## 4. Céard atá ag croílár an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil?

Tá seacht bpríomhinniúlacht i gcuraclam na bunscoile a fhorluíonn agus a thagann le chéile chun tacú le fís an churaclaim. Neartaítear a thuilleadh na hinniúlachtaí a chuireann le heispéiris

oideachais luath-óige na bpáistí le hAistear: Creatchuraclam na Luath-Óige agus neartaítear níos mó iad san iar-bhunscoil agus an tSraith Shóisearach ar bun acu. De réir mar a oibríonn páistí i dtreo na dTorthaí Foghlama sa réimse curaclaim seo, cothaíonn agus forbraíonn siad na príomhinniúlachtaí sin.




Fíor 2: Príomhinniúlachtaí (p. 15)

Forbraíonn páistí scileanna i ngach réimse curaclaim. Le linn a bhfoghlama, forbraíonn páistí coincheapa freisin – is é sin smaointe nó tuairimí ginearálta. Tá na coincheapa agus na scileanna a ghabhann le leanaí agus iad ag obair mar thíreolaithe agus mar staraithe, cosúil leis na Príomhinniúlachtaí, ina gcuid thábhachtach den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil. Tá siad mar bhuntaca le foghlaim páistí sa réimse curaclaim seo. Tá solúbthacht ag múinteoirí agus scoileanna agus rogha acu topaicí a roghnú a thacóidh le páistí a scileanna agus coincheapa a fhorbairt.

De réir mar a oibríonn páistí mar staraithe agus tíreolaithe, seo a leanas na coincheapa agus na scileanna a fhoghlaimeoidh siad agus a rachaidh siad i dtaithí orthu:

**Coincheapa agus Scileanna a ghabhann le 'Ag obair mar thíreolaí' agus 'Ag obair mar staraí'**

| Coincheapa | Scileanna |
| --- | --- |
| Ionbhá | Ceisteanna |

| | |
|---|---|
| Níos mó ná peirspictíocht amháin | Iniúchadh |
| Cúis agus éifeacht | Úsáid a bhaint as fianaise agus foinsí |
| Athrú agus leanúnachas | Léirmhíniú agus anailísiú |
| Am agus cróineolaíocht | Measúnú agus cinnteoireacht |
| Braistint Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta | Cumarsáid |
| Tuiscint ar áit | Mapáil / Grafacht |
| Tuiscint ar áit | Léirmhíniú físiúil agus cumarsáid |
| | Smaointeoireacht chróineolaíoch |
| | Smaointeoireacht stairiúil |

## 5. San *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil, céard iad na príomhréimsí nó catagóirí foghlama?*

Seo a leanas na príomhchatagóirí foghlama, ina leagtar amach an t-ábhar, feadh an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil (stair agus tíreolaíocht):

- Mo cheantar
- Oileán na hÉireann
- An Eoraip agus an domhan mór.

Scagtar na catagóirí seo uile a thuilleadh mar a leanas:

- Féiniúlacht agus oidhreacht
- An tImshaol agus an mhaireachtáil inbhuanaithe
- Daoine agus áiteanna.

Cuirtear i láthair an t-ábhar don réimse curaclaim seo mar Thorthaí Foghlama ó Chéimeanna 1 – 4 (Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé) i gCaibidil 5 den tsonraíocht.

## 6. Conas a bheidh na páistí ag foghlaim sa churaclam um Oideachas Sóisialta agus Imshaoil?

Tá trí phríomhbhealach ina bhfoghlaimeoidh na páistí in OSI. Is iad seo an trí bhealach:
- fiosrú
- cumarsáid
- tuiscint agus ceangal

Trí fhiosrú, beidh plé ag na páistí le réimse fianaise, tiocfaidh siad aníos le ceisteanna, bainfidh siad tátail as rudaí, lorgóidh siad soiléiriú agus iniúchfaidh siad topaicí bunaithe ar an gcuraclam go mion.

Agus páistí ag tabhairt aghaidh ar an bhfiosrú agus ar an iniúchadh, beidh siad ag cumarsáid a gcuid smaointe, tuairimí, agus mothúchán trí réimse foirmeacha éagsúla lena gcur in iúl.

Díreoidh páistí ar thuiscint agus ceangal a dhéanamh idir daoine agus áiteanna – go háitiúil, go náisiúnta, ar leibhéal na hEorpa agus go domhanda – chomh maith leis na naisc idir an t-am atá caite agus an t-am i láthair.

## 7. Céard iad na cuir chuige oideolaíochta atá sainiúil do réimse curaclaim an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil?

Tabharfaidh Fiosrú deiseanna do pháistí plé go gníomhach le smaointeoireacht agus iniúchadh stairiúil agus tíreolaíoch i gcomhthéacsanna barántúla.

Tugtar deis do pháistí trí fhoghlaim áitbhunaithe agus obair allamuigh dul i ngleic go díreach lena dtimpeallacht, agus iad ag obair mar staraithe agus mar thíreolaithe i gcomhthéacsanna fiúntacha, fíorshaoil.

Tacaíonn úsáid an scéil in OSI le tuiscint na bpáistí ar eachtraí stairiúla agus ar shaol agus eispéiris na ndaoine san am atá caite. Nuair a phléitear leis na scéalta, cothaítear ionbhá, agus tugtar deis do pháistí nascadh le heispéiris agus peirspictíochtaí daoine eile.

## 8. Céard atá i gceist le foghlaim faoi reiligiúin, creidimh, agus cruinneshamhlacha mar chuid den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil?

Tá sé nua i gcuraclam na bunscoileanna agus na scoileanna speisialta an fhoghlaim faoi reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha a bheith san áireamh. Tacaíonn sé seo le feasacht na bpáistí, lena léirthuiscint agus lena dtuiscint ar an éagsúlacht shaibhir reiligiún, creideamh agus cruinneshamhlacha ag amanna difriúla, in áiteanna difriúla agus i gcúinsí difriúla. Creat is ea cruinneshamhlacha de chreidimh, luachanna agus meonta ar féidir leo a bheith reiligiúnach, fealsúnach, morálta, pearsanta, nó meascán díobh sin. Ní bheidh foghlaim na bpáistí sa réimse seo sainchreidmheacha nó reiligiúnach, ach foghlaimeoidh siad faoi reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha trí stair agus tíreolaíocht agus iad ag obair mar staraithe agus tíreolaithe. Mar sin, tá an sórt sin d'fhoghlaim faoi reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha laistigh den Oideachas Sóisialta agus Imshaoil ar leithligh ó Oideachas Reiligiúnach, Eiticiúil, Ilchreidmheach agus Luachanna – Clár an Phátrúin atá mar chuid den churaclam freisin.

## 9. Céard é an caidreamh idir foghlaim i reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha laistigh den OSI agus an tOideachas Reiligiúnach, Eiticiúil, Ilchreidmheach agus Luachanna – Clár an Phátrúin de chuid na scoile?

Cé go bhfuil reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha laistigh den OSI ar leithligh ó Chlár an Phátrúin i scoil, is féidir leis an dá cheann, nuair a mhúintear trí lionsa ionchuimsitheach iad, eispéiris foghlama chomhlántacha a chur ar fáil. Cuireann reiligiúin, creidimh, agus cruinneshamhlacha laistigh den OSI fiosrú leathan ar fáil do pháistí maidir le reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha móra, ag díriú ar a ngnéithe cultúrtha, stairiúla agus sochaíocha.

Is é pátrún na scoile a fhorbraíonn Clár an Phátrúin agus é mar aidhm leis rannchuidiú le forbairt iomlánaíoch an pháiste, go háirithe ón dearcadh reiligiúnach agus/nó eiticiúil, agus bíonn sé mar bhonn eolais agus mar thaca ag spiorad saintréitheach na scoile. Is cláir shainchreidmheacha nó reiligiúnacha iad roinnt clár, ina gcuirtear béim ar shuíomh chreideamh na bpáiste agus ar a bhforbairt spioradálta agus mhorálta le linn a saol. Tá cuid acu eiticiúil nó ilchreidmheach agus bunaithe ar luachanna, agus leagann siad béim ar thuiscint na bpáistí ar an eitic agus ar luachanna agus ar a gcur i bhfeidhm i saol an pháiste.

Cé go bhfuil siad sainiúil, le chéile is féidir leis na heispéiris foghlama a thugtar tríd an tsonraíocht OSI agus Clár an Phátrúin tacú le páistí léirthuiscint leathan a fhorbairt ar luachanna daonna comhroinnte agus ar na bealaí éagsúla ina bhfaigheann daoine brí as a saol.

## 10. Cén ról atá ag cláir thráchtála, téacsleabhair a ghabhann leo agus foghlaim dhigiteach san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil?

Is é feidhm na gclár tráchtála agus na téacsleabhair a ghabhann leo ná cabhrú le foghlaim páistí agus cabhrú le múinteoirí ullmhú do na Torthaí Foghlama i gCaibidil 5 den tsonraíocht. Cuirtear béim mhór san Oideachas Sóisialta agus Imshaoil ar spraoi agus ar oideolaíocht spraíúil, fiosrú, foghlaim áitbhunaithe agus obair allamuigh agus scéalta. Ciallaíonn sé seo deis laghdaithe do na cláir thráchtála agus téacsleabhair sa réimse curaclaim seo. Athróidh ábhar na gclár tráchtála agus na téacsleabhair a ghabhann leo agus an chaoi a n-úsáidtear iad. Ag obair i dtreo Thorthaí Foghlama an churaclaim beidh níos lú deiseanna ann téacsleabhair a úsáid mar acmhainn. Beidh níos mó deiseanna foghlama le huirlisí digiteacha, mar shampla, turais allamuigh fhíorúla, cuir i láthair ilmheánacha, léarscáiliú digiteach nó ionsamhlóirí eile ar líne.